Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 8 Iúil 2026**
**(OR. fr)**

**11389/26**
**ADD 2**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2013/0072 (COD)**

**AVIATION 110**
**CONSOM 224**
**CODEC 1372**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 lena mbunaítear rialacha comhchoiteanna maidir le cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí i gcás ina ndiúltaítear cead bordála dóibh nó i gcás ina gcuirfear eitiltí ar ceal nó ina gcuirfear moill fhada orthu agus Rialachán (CE) Uimh. 2027/97 maidir le dliteanas aeriompróirí i ndáil le hiompar paisinéirí agus a gcuid bagáiste d'aer **(an tríú léamh)**<br>– Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>= Ráiteas |

**D'iarr an Fhrainc go gcuirfí an ráiteas seo a leanas isteach i miontuairiscí na Comhairle**

Tacaíonn an Fhrainc leis an gcomhréiteach atá beartaithe, ar céim chun cinn é do chearta paisinéirí, trí níos mó soiléireachta dlíthiúla a chur ar fáil, trí chásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a chomhdhlúthú agus trí éifeachtacht na gceart paisinéirí a neartú.

Is oth leis an bhFrainc, áfach, nár glacadh le tograí áirithe leasa ghinearálta, go háirithe na tograí sin arb é is aidhm dóibh creat níos fearr a chur ar fáil maidir le ról na n-idirghabhálaithe agus gearáin á láimhseáil. Tá an Fhrainc suite de i gcónaí gur cheart tús áite a thabhairt do chaidreamh díreach idir an t-iompróir agus an paisinéir, go háirithe trí thús áite a thabhairt do chúiteamh a íoc leis an tairbhí, chun cleachtais mhí-úsáideacha idirghabhálaithe áirithe a theorannú agus chun a áirithiú go mbainfidh paisinéirí lántairbhe as na cearta arna n-aithint ag an reachtóir Eorpach.

Faoi réir na bhforchoimeádas sin, tacaíonn an Fhrainc leis an Rialachán seo.